



Vóta 39

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, tá sé de dhualgas orm gach bliain, cuntas leithghabhála don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur ar fáil don an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

Faoi réir an riachtanais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus costais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus sheirbhísí áirithe eile a riarann an Fheidhmeannach, ar a n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Tá comparáid déanta idir an toradh caiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, ar a n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid le leithghabháil i gcúnamh den chaiteachas don bhliain.

Tá barrachas de €31.1 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 6 ina gcuid den chuntas.

Tony O'Brien

Oifigeach Cuntasaíochta
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

10 Meán Fómhair 2014

Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach

Léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais seo an staid ina bhfuiltear sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013.

Freagracht don Chóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) de réir ordú ón Aire ar an 1 Eanáir 2005 de réir fhorálacha an Achta Sláinte 2004. Ní mór don FSS cloí le treoracha a eisíonn an Aire Sláinte faoin Acht.

Bunaíodh Stiúrthóireacht an FSS ar an 25 Iúil 2013, tar éis don Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013 a beith aachtaithe. Tá an Stiúrthóireacht nua freagrach don Aire Sláinte as feidhmíocht an FSS. Bhí bunú na Stiúrthóireachta ina chéim de phróiseas athchóirithe i bhfad níos leithne faoina bhfuil sé beartaithe, mar atá leagtha síos sa Chlár Rialtais, an FSS a scor ag deireadh thiar. Tacaíonn an tAcht FSS (Rialachas) leis na socrúcháin reatha freagrachta atá faoin Acht Sláinte 2004, nithe mar pleananna agus tuarascálacha seirbhíse bliantúla, cóid rialachais agus soláthar eolais don Aire Sláinte. Ceadáíonn an tAcht don Aire Sláinte treoracha a thabhairt don FSS faoi fheidhmiú polasaithe agus spriocanna Aireachta agus rialtais, agus tosaíochtaí a leagan síos a gcaithfidh an FSS aird a thabhairt orthu in ullmhú a plean seirbhíse.

Is í an Stiúrthóireacht an comhlacht rialachais atá ar an bhFeidhmeannacht agus údarás aici, in ainm na Feidhmeannachta, feidhmeanna na Feidhmeannachta a chur i gcrích. Tá sé de chead ag an Stiúrthóireacht cuid dá feidhmeanna a shannadh chuig an Ard-Stiúrthóir. Is ceadmhach don Stiúrthóireacht coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a sholáthar i dtaca le feidhmíocht a cuid feidhmeanna. Tá roinnt Coistí bunaithe ag an Stiúrthóireacht lena n-áirítear Coiste Iniúcháireachta agus Coiste Riosca ar a bhfuil Stiúrthóir ceaptha amháin araon agus ainmnithigh sheachtracha.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as forbairt shuntasach straitéiseach agus cinntí maidir le caiteachas. Tá freagracht maidir le ceisteanna oibríochtúla cineachta, faoi réir teorainneacha údaráis, chuig an mbainistíocht feidhmiúcháin.

Mar aon lena fheidhmeanna mar chomhalta de Stiúrthóireacht agus mar chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht, tá freagrachtaí eile ar an tArd-Stiúrthóir ar a n-áirítear feidhmiú, bainistiú agus rialú ginearálta riaracháin agus ghnó na Stiúrthóireachta. Is é an tArd-Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta don FSS. Tá an Stiúrthóireacht freagrach don Aire thar cheann na Stiúrthóireachta as feidhmíocht fheidhmeanna na Stiúrthóireachta agus feidhmíocht na Feidhmeannachta.

Tá freagracht foriomlán ar an Stiúrthóireacht i dtaca le córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an FSS agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Tá an bhainistíocht ag gach leibhéal den FSS freagrach don Ard-Stiúrthóir as feidhmiú agus cothabháil na rialachán airgeadais inmheánaigh de bhreis ar a bhfeidhmeanna féin. Tá leabú seo an chórais um rialú inmheánach deartha d'fhonn a chinntiú go mbeidh an FSS in ann déileáil le rioscaí gnó agus go ndíreofar ar chúinsí sonracha rialaithe go dtí an leibhéal cuí bainistíochta má tharlaíonn siad. Tá an rialú inmheánach airgeadais deartha chun riosca a mhaolú seachas é a chur ar ceal. Ní féidir le córas den chineál sin ach dearbhú réasúnach a thabhairt, seachas dearbhú iomlán, go bhfuil na sócmhainní cosanta, go bhfuil bearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go seachnaítear earráid nó míréir ábharach nó go dtabharfar faoi deara iad go tráthúil.

Bunús an Ráitis

Tá an ráiteas seo á dhéanamh agamsa, mar Chathaoirleach na Stiúrthóireachta, de réir an riachtanais atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus i Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Caitheann FSS cistí poiblí ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar do phobal na hÉireann. Tá na dualgais a bhaineann le caiteachas €14 billiún a thabhaigh an FSS in 2013 dian i dtéarmaí cuntasachta agus follasachta d'fhonn ár bhfreagracht a chomhlíonadh maidir leis an maoiniú a fuarthas ón Státchiste agus ó fhoinsí eile chuige sin. Sonraítear na dualgais seo san Acht Sláinte 2004 agus i Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is córas dinimiciúil é an córas um rialú inmheánach airgeadais. Déantar an córas a fhorbairt, a chothú agus a mhonatóiriú go leanúnach mar fheagairt ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn san eagraíocht. Cruthaíonn an timpeallacht córas reatha san FSS dúshlán bhreise d'oibriú éifeachtach an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Bíonn córais dhéabhlóidithe airgeadais iolrach agus ilroinnte agus dhearbhaigh an t-athbhreithniú a rinneadh in 2013 ar shocrúcháin reatha bainistíochta airgeadais an comhdhearcadh i measc lucht airgeadais an FSS nach bhfuil an tsamhail oibriúcháin airgeadais reatha oiriúnach don fheidhm. Níl na córais airgeadais in ann an leibhéal d'anailís shonrach ar chaiteachas Vóta a chur ar fáil mar a éilíonn na rialacha Cuntasachta Rialtais. Braithéann an FSS ar thuarascálacha eatraimh chun tacú le gach tuairisciú airgeadais ag leibhéal náisiúnta, ar a n-áirítear tuairiscí míosúla bainistíochta, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Cuntas Leithghabhála. Iompórtáil an córas seo sonraí ó 12,000 costionad sa mhéid ó chórais oidhreacht an FSS agus déantar é a athainilísiú de láimh d'fhonn tacú le tuairisciú náisiúnta. Ó tharla nach bhfuil córas náisiúnta amháin ann tá sé riachtanach obair shuntasach a dhéanamh de láimh d'fhonn a chinntiú go bhfuil na mórleabhair áitiúla agus an córas náisiúnta sioncrónaithe agus réitithe. Tá an cur chuige tuairiscithe seo ag éirí níos dúshlánaí i bhfianaise athruithe ar an struchtúr eagraíochta, agus aosú na gcóras.

Tá Clár Athchóirithe Airgeadais an FSS a tionscnaíodh in 2013 ag díriú ar na dúshlán sin. Tá an Clár ina phríomhghné den chóras foriomlán athchóirithe agus, ag leanacht ó thuairiscí Ogden agus PA Consulting in 2012, chuir PA Consulting bailchríoch ar thuarascáil in 2013 inar moladh samhail nua oibriúcháin don airgeadas dar teideal, **Defining Financial Management - A Finance Operating Model for Health in Ireland**. Nuair a bheidh an tsamhail nua oibriúcháin airgeadais don tsláinte curtha i bhfeidhm, táthar ag súil go dtacóidh sí le hathrú forleathan agus bunúsach sa chleachtas bainistíochta airgeadais agus go mbeidh sin ina chumasóir tábhachtach in athchóirí iomlán an chórais. Le bunús de chóras aonair comhtháite bainistíochta airgeadais agus de chreat sainordaithe bainistíochta airgeadais, cinnteoidh na hathruithe sin cobhsaíocht agus timpeallacht fheabhsaithe rialachais laistigh de chóras leasaithe sláinte agus tiomáinfidh sé cultúr ina mbeidh comhfheagracht agus comhfhios costas. Nuair a chuirtear samhail nua oibriúcháin airgeadais i bhfeidhm faightear deis ar leith chun athrú ó bhun a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais an chórais sláinte agus tacóidh sé chun na príomhghnéithe de chlár athruithe *Future Health* a chur ar fáil ar a n-áirítear Grúpaí Ospidéal agus Leanann an tAirgead an tOthar. Tá bailchríoch curtha le Céim 1 den chlár anois agus tá tionchar suntasach aige ar an mbealach a ndéileáiltear le dúshlán shonracha i bpleanáil, buiséadú agus srianadh costas seirbhísí. An dúshlán atá le sárú ag an FSS ná conas an bhainistíocht airgeadais a athrú ó bhun le linn tréimhse d'athrú gan fasach ar fud an chórais cúram sláinte. Tá sé riachtanach tógáil ar an méid atá bainte amach le roinnt míonna anuas agus cur chuige do bhainistíocht airgeadais a sholáthar a dhaingneoidh cobhsaíocht mheántéarmach agus srianadh costas, ach freisin a cheadóidh dóthain solúbthachta chun tacú leis an gclár athchóirithe mar iomlán. Cuireadh tús le Céim 2 den Chár Athchóirithe Airgeadais i mí na Nollag 2013 agus áiríthe ansin tá forbairt ar chlár gnó chun an cead cuí a fháil le córas nua comhtháite bainistithe airgeadais a fháil don tseirbhís sláinte. Tá an clár seo mar thús de thionscadal ilbhianta a mbeidh tionchar aige i ndeireadh báire ar an bhfoireann ar fad laistigh den chóras sláinte mar go gcuirfidh sé athrú ó bhun ar an mbealach a ndéanaimid bainistíocht ar airgeadas, de dheasca athrú sa chultúr, sna córais agus sna próisis. Tá an Clár Athchóirithe Airgeadais ar an tosaíocht neamhchliniciúil is tábhachtaí sa tSeirbhís Sláinte do 2014.

Príomhnósanna Imeachta um Rialú Inmheánach Airgeadais

Anseo thíos tá cur síos ar na príomhphróisis atá i bhfeidhm ar fud an FSS chun rialú inmheánach airgeadais éifeachtúil a sholáthar:

- Tá **Creat um Rialachas Corparáideach agus Airgeadais** an FSS le fáil www.hse.ie agus is ansin freisin atá na beartais, nósanna imeachta agus treoirínté tacaíochta ar fad le fáil. D'fhaomh an tAire Sláinte an Creat de réir Alt 35 den Acht Sláinte 2004 agus léiríonn sé na riachtanais atá sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá dualgas ar an bhfoireann eolas iomlán a bheith acu ar a bhfreagrachtaí mar atá imlínte go soiléir i gcuid II den Chreat agus gur dá réir sin a dhéanfar gach géilliúlacht a thagamharcáil.
- Tá **creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta** i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas, córas tarmhlinn agus cuntasachta agus córas chun caiteachas a údarú.
- Tá **Rialacháin Airgeadais Náisiúnta** an FSS ina gcuid lárnach de chóras rialacháin airgeadais inmheánaigh agus iad ullmhaithe chun léargas a thabhairt ar an gcleachtas reatha is fearr. Rinneadh iarracht ar leith a chinntiú go bhfuil na Rialacháin Airgeadais ag cloí le riachtanais reachtúla, le ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le treoirínté na hearnála poiblí. Tá sé éigeantach ar fud na heagraíochta go gcloíff le Rialachán Náisiúnta Airgeadais. Próiseas leanúnach is ea forbairt agus cothabháil shraith Rialachas Airgeadais Náisiúnta an FSS, agus tá rialacháin nua agus nuashonruithe ar rialacháin reatha á n-eisiúint ar bhonn tréimhsiúil mar fhreagairt do riachtanais nua nó riachtanais atá ag teacht chun cinn. Nuashonraíodh deich Rialachán Náisiúnta Airgeadais in 2013 chun dul le struchtúir nua eagraíochtúla, reachtaíocht agus an cleachtas is fearr. Seoladh sé Rialachán Náisiúnta Airgeadais nua i rith na bliana, ag caighdeánú polasáí agus nósanna imeachta in oibríochtaí lárnach de chuid an FSS. Cé go ndéantar caighdeánaú go náisiúnta ar pholasaithe agus ar rialacháin, is bunaithe ar chórais den chuid is mó atá próisis inmheánacha, agus is gné dhosheachanta iad na héagsúlachtaí sa phróiseas nó go mbeidh córas airgeadais amháin i bhfeidhm ag an FSS san eagraíocht trí chéile.
- Tá **córas buiséid déabhlóidithe** i bhfeidhm le bainisteoirí sinsearacha atá freagrach as feidhmiú laistigh de theorainneacha sainithe cuntasachta agus cuntas maidir le hathruithe suntasacha buiséid a thuirisciú don Ard-Stiúrthóir laistigh de chreat foirmiúil um meantóireacht feidhmíochta (próiseas de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Dearbhaithe Pleanála agus Feidhmíochta agus Dearbhaithe), a bhfuil tuairisc níos sonraí air thíos.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag FSS chun **comhlíonadh le gach ciorclán pá agus taistil a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe** a chinntiú. Déileáiltear le haon eisceachtaí aitheanta agus tuairiscítear a leithéid don Aire Sláinte go bliantúil, de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Reáchtáiltear **próiseas mionsonraithe caighdeánaithe breithmheasa** i ndáil le gach tionscadal caipitil a bhfuil buiséad de bhreis ar €0.5 milliún luaite leis. Déanann Coiste Stiúrtha Náisiúnta Caipitil na Seirbhíse Sláinte breithmheas ar gach tionscadal atá le cur sa Phlean Caipitil faoi réir Chód VFM na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe (2012). Ní mór treoir mionsonraithe tionscadail a bheith le haon iarratas tionscadail ar a n-áirítear measúnú ar riachtanas, breithmheas sonraithe caipitil nó anailís costais is tairbhe, costais saolré, buiséad caipitil réamh-mheasta, agus impleachtaí ioncaim agus foirne. Déanann an Coiste Stiúrtha Náisiúnta Caipitil na haighneachtaí a fhaomhadh, an ailíniú le Plean Seirbhíse na Seirbhíse Sláinte a sheiceáil, na himpleachtaí ioncaim (más ann dóibh) a scrúdú, agus d'fhéadfaidís iad a eiteach, breis eolais a lorg nó moladh iad a chur sa Phlean Caipitil ag brath ar mhaoiniú caipitil a bheith ar fáil. Tá gach mórthionscadal caipitil a bhfuil breis is €20 milliún de bhuiséad luaite leo faoi réir **anailís shonrach costais is tairbhe** faoi réir Chód VFM na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe (2012). Déantar athbhreithnithe Foirne Ceannasaíochta / Stiúrthóireachta ar an gclár caipitil ar bhonn rialta. Tá ionadaíocht gach Roinn Seirbhíse ar an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta Caipitil.
- Tá na **nósanna imeachta a bhaineann le héadálacha agus diúscairtí maoine** na FSS ag cloí leis na hoibleagáidí reachtúla atá leagtha síos in Alt 78 agus 79 den Acht Sláinte

1947, mar a leasaíodh ag an Acht Sláinte 2004. Tá sé d'údarás ag an gCeannasaí Eastát idirbhearta maoiné atá beartaithe a cheadú suas go dtí teorainn €2 milliún, ón am a bheidh siad faofa le ceadú ag an nGrúpa Athbhreithnithe Maoine. I gcás idirbhearta os cionn an iomláin sin, caithfidh an tArd-Stiúrthóir iad a cheadú, ón am a mbeidh siad ceadaithe ag an nGrúpa Athbhreithnithe Maoine agus formhuinthe ag an bhFoireann Ceannasaíochta. Nuair a bheidh idirbhearta os cionn €2 milliún ceadaithe ag an Ard-Stiúrthóir ní mór iad a chur faoi bhráid na Stiúrthóireachta ansin chun an cead deiridh a fháil. Ní mór cead na Stiúrthóireachta a fháil chun aon mhaoin a dhiúscairt faoi bhun luach an mhargaidh.

- Tuigeann an FSS an tábhacht a bhaineann le **bainistíocht riosca, bainistíocht riosca airgeadais san áireamh**, mar phróiseas riachtanach i seachadadh seirbhísí ardcháilíochta agus sábháilte. Is ionann bainistíocht riosca ag leibhéal oibríochtúil agus feidhm bainistíochta líne. Tá dualgas ar gach Roinn cur síos ar dhéanamh ar shocruithe cuntasachta chun riosca a bhainistiú ag gach leibhéal laistigh den Stiúrthóireacht. Tá na socruithe sin ina gcuid den ghnáthmheicníocht tuairiscithe chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe sa phróiseas gnó. Tá dualgas ar gach seirbhís/feidhm riosca a bhaineann lena réimse féin a aithint, a mheas agus a bhainistiú; is é an clár rioscaí an príomhuirlis chun an fhaisnéis riosca sin a chur in iúl. Nuair a aithnítear rioscaí a bhfuil ionchas suntasach acu tionchar a imirt ar spriocanna foriomlána an FSS déantar iad a thairiscint sa Chlár Rioscaí Corparáideach. Meicníocht atá sa chlár chun dearbhú (fianaise) a thabhairt don Stiúrthóireacht go bhfuil riosca á aithint, á mheas agus á bhainistiú agus go bhfuil raon beart rialaithe agus pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm am ar bith chun na rioscaí aitheanta a mhaolú. Cuirtear tuarascálacha rialta faoi stádas na rioscaí corparáideacha faoi bhráid an Choiste Riosca. Cé go bhfuil na próisis bhainistíochta riosca chliniciúla san FSS aibí go maith, tá forbairt leanúnach á dhéanamh ar bhainistíocht riosca neamhchliniciúil agus airgeadais. Tá sraith iomlán polasaithe, nósanna imeachta agus treoirí bainistíochta riosca an FSS foilsithe ar www.hse.ie.
- Tá tionchar airgeadais na gcúinsí cliniciúla agus oibríocháin léirithe sna cásanna a shocraigh an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) agus na hárachóirí, thar cheann an FSS. Tá an fhreagracht as bainistiú ar éilimh i gcoinne an FSS i dtaca le faillí cliniciúil, gortú pearsanta agus damáiste maoiné curtha ar an SCA de réir reachtaíochta. Lena chois sin, cuireann an SCA comhairle agus tacaíocht ar fáil do phearsanra bhainistíochta riosca, cliniciúil agus riaracháin an FSS d'fhonn tacú le sábháilteacht othar agus laghdú a dhéanamh ar éilimh agus ar dhlíthíocht amach anseo. I gcásanna ina ndéantar éilimh is é an cuspóir ná bainistiú a dhéanamh ar na héilimh sin lena chinntiú go gcoinnítear dliteanas an Stáit agus na costais a ghabhann leis chomh híseal agus is féidir. Déanann an SCA óstáil ar **chóras náisiúnta leictreonach um thuiriscíú bainistíochta ar chásanna díobhálacha** a éascaíonn an fiosrúchan ar aon éilimh iardain mar aon le sainaitheant agus anailís ar threochtaí agus ar phatrúin atá ag teacht chun cinn. Tacaíonn na ceachtanna a fhoghlaimítear ón anailís sin chun sábháilteacht othar a fheabhsú agus cuidíonn sin chun laghdú a dhéanamh ar éilimh san FSS. Gach bliain, pleanálann agus feidhmíonn an FSS clár oibre bhainistíochta riosca bunaithe ar an anailís a dhéantar ar éilimh agus ar shonraí treochta cásanna, ar cheanglais dhlíthiúla agus fasaigh, agus ar fhorbairtí a bhíonn déanta le gairid ar bhainistiú riosca dlíthíochta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Sheachaid aonaid bhainistíochta riosca an SCA clár cuimsitheach oiliúna agus seimineár i rith 2013. Soláthraíonn an SCA comhairle árachais maidir le conarthaí, ceadúnais, scéimeanna agus tairiscintí FSS i gcásanna ina bhfuil slánaíocht Stáit i gceist nó ar árachais a theastaíonn sa chás nach mbíonn slánaíocht i gceist Cinntíonn sé seo go bhfuil dliteanas Stáit á laghdú ar an mbealach is costéifeachtúla agus is féidir.
- Tá an creat dlíthiúil atá mar bhonn leis an tacaíocht airgeadais a sholáthraíonn an FSS do sholáthraithe seirbhíse neamhrechtúla sonraithe san Acht Sláinte 2004. Tá **creat náisiúnta rialachais** foirmiúil ag an FSS mar aon le doiciméid atá caighdeánaithe go náisiúnta chun an maoiniú a sholáthraítear d'eagraíochtaí neamhrechtúil a rialú. Tá sé mar aidhm ag an gcreat rialachais don earnáil neamhrechtúil a chinntiú go bhfeidhmeofar go caighdeánach, comhsheasmhach prionsabail dea-rialachais a bheidh daingean agus éifeachtach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an FSS agus an gníomhaireacht araon a n-oibleagáidí faoi seach.

Tá gach maoiniú deontais rialaithe anois ag ceann de na ceithre chineál doiciméad, ag brath ar nádúr an tsocrúcháin, mar a leanas:

- o Socruithe Seirbhíse Alt 38: clúdaíonn siad sin gach ospidéal deonach agus gníomhaireachtaí móra neamh-ghearmhíochaine, 39 gníomhaireacht san iomlán;
- o Socruithe Seirbhíse Alt 39: clúdaíonn siad sin gach gníomhaireacht dheonach agus pobail eile nach bhfuil áirithe thuas, a fhaigheann breis agus €250k, 366 gníomhaireacht faoi láthair;
- o Socruithe Deontas Alt 39: clúdaíonn siad sin gach gníomhaireacht a fhaigheann maoiniú faoi €250k, agus tá formhór na ngníomhaireachtaí sa chatagóir seo ina bhfuil 1,959 gníomhaireacht ag fail maoinithe faoi láthair; agus
- o Socruithe Seirbhíse Brabúis a chlúdaíonn gach gníomhaireacht san earnáil tráchtála brabúis beag beann ar an leibhéal maoinithe, thart ar 252 gníomhaireacht faoi láthair.

Léiríonn gach Socrú Seirbhíse castacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus áirithe ann tá na riachtanais rialachais chorparáideacha agus chliniciúla, caighdeáin cháilíochta agus cóid chleachtais do sheirbhísí agus rialacháin airgeadais. Tá teoracha agus foirmeacha próiseála rialacháin éagsúla coinnithe ar shuíomh inlín an FSS mar aon le lámhleabhar cuimsitheach oibriúcháin a thacaíonn le Rialachán Naisiúnta Airgeadais an FSS, *NFR-31 Grants to Outside Agencies*. Tá teimpléad sonraíochta náisiúnta caighdeánaithe seirbhíse forbartha ag an FSS freisin leis an earnáil mhíchumais, rud a cheadaíonn leibhéal ard follasachta agus rialaithe bainistíochta ar ionaid aonair soláthair seirbhísí agus na hacmhainní a úsáideadh chun na seirbhísí sin a chur ar fáil. Ceadóidh an dul chun cinn sin don na straitéisí atá imlínithe in *Future Health* a chur chun cinn, agus forbairt a dhéanamh ar an tsamhail mhaoinithe “leanann an t-airgead an t-othar”.

Cé gur rialú rialachais níos simplí é an Socrú Deontais, tá íoschaighdeáin leagtha síos ann, mar an riachtanas do dhoiciméad bunreachtúil scríofa, cuntas bainc ar leith, bainistiú airgeadais agus comhlíonadh cánach, nithe atá éigeantach do gach dream. Cuirtear tuilleadh riachtanais ghéilliúlachta san áireamh freisin nuair is gá.

Tá athbhreithniú agus nuashonrú déantar ar an doiciméadú le blianta anuas chun a chinntiú go léiríonn an doiciméadú na teoracha reatha reachtaíocht, rialachais agus ranna rialtais. In 2013 cuireadh tuairisceán breise eolais le gach Socrú Seirbhíse Alt 38 agus Alt 39, faoin gcaithfidh gníomhaireachtaí tuairisc ar leith a thabhairt ar gach ball foirne a íoctar leibhéal coibhéiseach Ghrád VIII nó os a chionn agus aon sochair eile a híocadh. Bhí an t-eolas breise sin ag teastail faoin 31 Bealtaine 2014. Caithfidh Boird na nGníomhaireachtaí Alt 38 ar fad Ráiteas Comhlíontachta nua a shíniú in 2014 ina léireofar deimhnithe breise i dtaca le dearbhuithe lárnacha rialaithe.

- Tá **Clár Gníomhaireachtaí Neamhreachtúla – Socruithe Seirbhíse agus Socruithe Deontas** i bhfeidhm. Is é an tAonad Náisiúnta Tacaíochta Gnó (NBSU) atá freagrach as an gClár seo a bhainistiú agus tá aitheantóir uathúil cruthaithe do gach gníomhaireacht ionas gur féidir faisnéis thábhachtach maidir le gach socrú maoinithe a chothabháil lena n-áirítear maoiniú reatha agus stairiúil, comhlíontacht le cáipéisíocht rialachais chaighdeánach náisiúnta, agus príomhshonraí teagmhála. Tá sé sin ar fáil ar shuíomh inlín an FSS mar threoir tagartha do gach bainisteoir san FSS. Ullmhaítear staitisticí agus tuarascálacha monatóireachta feidhmíochta gach mí.
- Mar chuid de Chlár Trasfhoirmithe agus Athruithe an FSS, bunaíodh **Grúpa Athchóirithe Córás (SRG)** chun bainistiú tionscadail a dhéanamh ar Chlár Athchóirithe an FSS. An Ceannasaí Náisiúnta, Athchóiriú agus Athrú, atá i gceannas an SRG. Tugann an Ceannasaí Náisiúnta treoir do Chlár Athchóirithe an FSS thar cheann an Ard-Stiúrthóra, ag soláthar na físe straitéisí agus ag tiomáint an bhainistithe athruithe agus an cultúr dírithe ar bhuntáistí ar fud na heagraíochta. Deanann an SRG bainistiú ar Phunann Athchóirithe an FSS agus soláthraíonn sé saineolas agus tacaíocht don bhainistiú ar athruithe do na cláir ar leith.

- Mar chuid d'athbhreithniú bliantúil an FSS ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánach, caithfidh gach ball foirne ag leibhéal Ghrád VIII (nó a chomhionann) **Ráiteas Dearbhaithe Rialaithe** a líonadh ina ndeimhneoidh siad go bhfuil siad ag comhlíonadh polasaithe agus nósanna imeachta agus ag fianú na rialuithe atá ar fail agus ag feidhmiú ina réimse freagrachta, nó ag léiriú cásanna ina bhfuil eisceachtaí laigí.

Pleanáil, Monatóireacht Feidhmíochta agus Tuairisciú

- Déantar pleanáil ag roinnt leibhéal laistigh den FSS agus cuirtear san áireamh ann an treoraíocht inmheánach agus seachtrach atá curtha ar fáil trí, mar shampla, clár athchóirithe an Rialtais, *Future Health*, Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte, doiciméid pholasaí náisiúnta, straitéisí sonracha, réamhaisnéisí geilleagracha, agus tosaíochtaí cliniciúla agus cáilíochta. Ar aon dul le halt 31, an tAcht Sláinte 2004 agus alt 12, Acht an FSS (Rialachas), 2013, foilsítear **Plean Náisiúnta Seirbhíse** an FSS gach bliain ina mbíonn eolas faoi gcineál agus faoi mhéid na gníomhaíochta seirbhíse a bhfuil ga leis chun cúram sláinte agus sóisialta a chur ar fáil do na daoine a úsáideann seirbhísí an FSS. Áirítear ann tá bearta feidhmíochta agus gníomhaíochta a rianaítear agus a thuairiscítear trí phróiseas an Ghrúpa Náisiúnta Dearbhaithe agus Pleanála agus Feidhmíochta (NPPAG). Déantar athbhreithniú ar na Planna gach bliain mar chuid den phróiseas pleanála seirbhísí chun a sheiceáil an bhfuil siad fós ábhartha, inbhailithe agus úsáideach. Agus an plean á fhorbairt, léiríonn na bainisteoirí seirbhíse an cineál agus an leibhéal seirbhíse is gá chun freastal ar an éileamh measta agus is féidir a chur ar fail leis na hacmhainní a bhíonn ar fail an bhliain sin. Cuireadh Plean Seirbhíse Náisiúnta 2013 faoi bhráid an Aire Sláinte ar an 21 Nollaig 2012 agus ceadaíodh é ar an 9 Eanáir 2013. Tá tuairisc iomlán faoin dul chun cinn agus na torthaí ón bplean i dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an FSS. Cuireadh Plean Seirbhís Náisiúnta 2014 faoi bhráid an Aire Sláinte ar an 25 Samhain 2013. Tharla sin tar éis síneadh a bheith curtha leis na spriocamanna, mar a bhí ceadaíte faoin reachtaíocht, tar éis don FSS iarratais a chur chuig an Aire. Cheadaigh an tAire an plean ar an 17 Nollaig 2013.
- Chun bun a chur faoin bPlean Seirbhíse Náisiúnta, foilsíodh **Plean Oibriúcháin Náisiúnta 2013** chun tacú le lena fheidhmiú, agus leagtha síos ansin tá an socrú náisiúnta do gach príomhghrúpa / clár cúraim chun treoir a thabhairt d'aistriú an pholasaí náisiúnta chuig na ceithre Phlean Seirbhíse Réigiúnacha agus na trí Phlean Ghrúpa Ospidéal. Idirbhliain ab ea 2013 don tseirbhís sláinte a d'aistrigh ó shamhail rialachais réigiúnach go dtí samhail rannach náisiúnta, le freagracht áitiúil. Tiofáidh formáid agus struchtúr gach plean agus tuarascáil chun cinn leis na socrúcháin nua a léiriú in 2014.
- I rith 2013, mar chuid den chreat foriomlán pleanála agus feidhmíochta, bhunaigh an tArd-Stiúrthóir Grúpa Náisiúnta Dearbhaithe Pleanála agus Deimhníochta (NPPAG) go foirmiúil agus déanann an COO / Leas-AS cathaoirleacht air. Is é an NPPAG an príomhghrúpa dearbhaithe pleanála agus feidhmíochta laistigh den FSS agus é freagrach as:
 - Cinntiú go bhfuil na córais agus na próisis i bhfearas chun leibhéil chúil dhearbhaithe a chur ar fáil don AS, don Stiúrthóireacht agus don Aire go bhfuil an FSS ag cloí lena tiomantais faoin bPlean Seirbhíse Náisiúnta.
 - Athbhreithniú míosúil a dhéanamh ar fheidhmíocht ar fud na heagraíochta, athbhreithniú sonracha ar fheidhmíocht airgeadais san áireamh.
 - Bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas formhádúcháin feidhmíochta agus idirghabhála.
 - Páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála seirbhíse.
 - Measúnú a dhéanamh ar dhréacht de thuarascáil dearbhaithe feidhmíochta (PAR) mhíosúil an FSS chun í a chur faoi bhráid an AS agus Stiúrthóireacht na FSS agus ina dhiaidh sin cuirfead faoi bhráid na Roinne í agus foilseofar í.

Áirítear i mballraíocht bhunaidh an NPPAG tá an POA agus iad sin ar fad atá freagrach agus cuntasach as soláthar buiséad agus seirbhísí.

- Déantar an próiseas bainistithe feidhmíochta a bhainistiú ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Déanann a chur chuige iarracht iad seo a chinntiú:
 - Go bhfuil bainistiú feidhmíochta agus freagracht ag an leibhéal is cúí;
 - Go bhfuil ról láidir réigiúnach ag an mbainistiú feidhmíochta;
 - Go bhfuil dhá fheidhm ag an mbainistiú feidhmíochta ag an leibhéal náisiúnta, dearbhú a thabhairt don AS agus don Aire, agus a bheith ina phróiseas formhádúcháin chun díriú ar thearcfeidhmíocht.

Chun tacú le dearbhú feidhmíochta, déantar próiseas daingean bainistíochta in ullmhú an chruinnithe mhíosúil NPPAG, agus ina dhiaidh sin casann an COO / Leas-AS leis an AS chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht den Tuarascáil Dearbhaithe Feidhmíochta (PAR) sula gcuirtear an tuairisc ar an gclár do chruinniú na Foirne Ceannasaíochta ag a ndéantar measúnú foirmiúil uirthi. Roinntear an dréacht den PAR leis an Roinn Sláinte freisin. Mar chomhlacht rialachais don FSS, déanann an Stiúrtóireacht measúnú ar an tuairisc ag a chruinniú míosúil. Nuair a bheidh siad faofa, cuirtear na tuairiscí chuí go foirmiúil faoi bhráid Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte, chun cloí leis na riachtanais thuairiscithe don Aire Sláinte (an tAcht Sláinte 2004) agus foilsítear iad ar www.hse.ie.

- Cuireann tuairiscí tráthúla agus cuimsitheacha faoin mbealach a bhfuil seirbhísí ag feidhmiú i gcomparáid le spriocanna éagsúla, airgeadas san áireamh, ar chumas fhoireann agus bhainisteoirí an FSS méadú a chur ar éifeachtúlacht agus críochnúlacht seirbhísí. Orthu sin tá:
 - Bíonn Tuarascálacha Réigiúnacha Sonraí Bainistíochta curtha ar fáil chun cuidiú leis an bpróiseas bainistithe feidhmíochta ag an leibhéal réigiúnach (Stiúrtóirí Réigiúnacha Oibríochtaí / Stiúrtóirí Réigiúnacha Feidhmíocht agus Comhtháthú (RDPI)). Cuirtear na tuarascala seo ar fáil don COO agus do Stiúrtóirí seirbhíse.
 - CompStat (tuairiscí míosúla le hinrochtaineacht gréasáin ag leibhéal ospidéal, ghrúpa ospidéal agus pobail/ oifig sláinte áitiúil (LHO)) – Cuireann eolas feidhmíochta laistigh de CompStat bunús faoi Fhóram míosúla Réigiúnacha CompStat / Dearbhaithe Feidhmíochta faoi chathaoirleacht an RDPI. Freastalaíonn pearsanra sinsearach cliniciúil agus bainistíochta as ospidéal agus ó LHOnna ar an bhFóram Réigiúnach. Déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil ar fud réimsí lárnach oibríocháin mheadracha agus aontaítear ar phleananna feabhsaithe feidhmíochta. Cuidíonn an fóram le cur chuige fócasaithe a réiteach chun feidhmíocht a fheabhsú agus an cleachtas is fearr a chomhroinnt.
 - Déantar comhiomlánú ar Thuairiscí míosúla Eisceachtaí Feidhmíochta réigiúnach chun tuarascáil a chur ar fáil leis an COO a chur ar an eolas faoi chúinsí réigiúnacha roimh an NPPAG.
 - Is é an PAR míosúil a fhaightear as gníomhaíocht chorparáideach, sraitheanna sonraí HR agus Airgeadais, agus faisnéis ó thuairiscí réigiúnacha an príomhpháipéar a mheasann an NPPAG don dearbhú feidhmíochta. Comhlánaítear é sin le sonraí i dTuarascáil Sonraí Bainistíochta (MDR).
- De bhreis air sin, mar chuid den phróiseas dearbhaithe feidhmíochta, cuirtear na príomh-thuarascálacha seo a leanas i dtoll a chéile agus foilsítear iad:
 - Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an FSS – curtha ar fáil agus foilsithe gach bliain chun forbheathnú a thabhairt ar fheidhmíocht na bliana roimhe sin. Tuarascáil chuimsitheach í seo ar ghníomhaíochta, gnóthachtálacha, dúshláin agus feidhmíocht airgeadais mar atá leagtha síos ina Plean Seirbhíse Náisiúnta. Tríd na ráitis airgeadais iniúchta, tugann an FSS cuntas ar úsáid na n-acmhainní a leithdháileadh ón Rialtas. Ceanglas dlíthiúil is éan Tuarascáil Bhliantúil an FSS faoi alt 37 (an tAcht Sláinte 2004). Ní hionann agus doiciméid agus tuarascálacha eile a éilítear faoi Acht Sláinte, ní chaithfidh an tAire an Tuarascáil Bhliantúil a fhaomhadh. Foilsítear an tuarascáil ar líne ag deireadh na Bealtaine gach bliain.
 - Cuntas Leithghabhála an FSS – ullmhaithe ag an FSS agus iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus foilsithe ina Thuarascáil Bhliantúil. Cuntas

cuimsitheach is ea an Cuntas Leithghabhála d'fheidhmíocht airgeadais na FSS sa bhliain, ullmhaithe faoi rialacha cuntasáochta an Rialtais.

- Cuirtear eolas míosúil ar fáil don POA ina dtuairiscítear ar phríomhréimsí feidhmíochta agus riosca mar a leanas:
 - torthaí airgeadais I&E: Feidhmíocht i gcoinne buiséid na ngrúpaí ospidéil, na ranna agus na seirbhísí náisiúnta.
 - Torthaí Vóta: Léargas rollach dhá mhí ar fheidhmíocht Vóta i gcomparáid le fo-cheannteideal.
 - KPlanna príomha Ioncaim: Áirithe ansin tá éileamh a cuireadh isteach, éilithe, ar feitheamh nó ag fanacht le gníomhú comhairleora de bhreis ar na héilimh iomlána ó árachóirí ag rollú thar thréimhse trí mhí agus meadarachtaí i dtaca leis na deich n-ospidéal is laige feidhmíocht.
- Tugann na cuntais mhíosúla bainistíochta léargas sonrath ar fheidhmíocht airgeadais na heagraíochta i gcomparáid leis an mbuiséad. Tá na nithe seo a leanas áirithe sna cuntais gan a bheith teoranta leo:
 - Feidhmíocht géarchúraim de réir grúpa ospidéil agus réigiún.
 - Feidhmíocht de réir roinne náisiúnta agus de réir réigiúin.
 - An tSeirbhís um Athchistiú Cúram Príomhúil - feidhmíocht de réir scéime.
 - Seirbhísí Náisiúnta – feidhmíocht de réir feidhme.
 - Corparáideach – feidhmíocht de réir feidhme.
 - Feidhmíocht pá, neamhphá agus ioncaim i gcomparáid le próifíl.

Bíonn cur síos agus anailís in éineacht leis na cuntais bhainistíochta chun comhthéacs agus cur síos a sholáthar faoi threochtaí atá reatha nó ag teacht chun cinn, agus faoi fheidhmíocht rannach.

- Cuirtear doiciméad sonrath feidhmíochta airgeadais agus réamh-mheastacháin ar fáil gach mí chun go ndéanfaidh an POA é a mheas. Imlíníonn an doiciméad sin na príomhréimsí riosca don eagraíocht de bhreis ar léiriú a thabhairt ar chásanna a d'fhéadfadh tarlú i dtaca leis an dúshlán airgeadais don bhliain. Clúdaíonn an tuarascáil an réamh-mheastachán airgeadais géarchúraim agus rannach don bhliain agus díríonn sí ar phríomhréimsí riosca eagraíochtúla mar aon le cásanna a thairiscint atá bunaithe ar shárú buiséid bunaithe ar fhaisnéis shonrach atá faighte ó sheirbhísí. Déantar an doiciméad shonrach feidhmíochta airgeadais agus réamh-mheasúnaithe seo a roinnt leis an Rialtas freisin agus le comhaltaí de Stiúirthóireacht na Seirbhíse Sláinte agus is cuid lárnach é den phróiseas bainistíochta feidhmíochta.
- Tá dualgas ar an FSS tuarascáil agus tuairisceán míosúil faoi chúinsí vóta a chur ar fáil mar aon le tuairisceán agus tuarascáil míosúil caiteachais chuig an Roinn Sláinte le cur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Bíonn an tuarascáil agus an tuairisceán míosúil cúinsí dlite cúig lá roimh dheireadh gach mí agus is meastachán iad ar chaiteachas míosúil vóta i gcomparáid leis an bpróifíl mhíosúil vóta (buiséad). Déanann an DPER agus an Roinn Airgeadais comhdhlúthú ar na tuairisceáin chúinsí ó gach Vóta agus foilsítear iad ar an 2ú nó 3ú lá oibre de gach mí mar chuid de thuairisceáin mhíosúla an Státchiste.
- Ní mór don FSS freisin tuairisc agus tuairisceán míosúil vóta a chur ar fáil faoin 5ú lá oibre de gach mí. Tugann an tuairisceán sin cuntas ar an bhfíorchaiteachas Vóta de réir fo-cheanteidil i gcomparáid leis an bpróifíl vóta (buiséad). Síníonn an tOifigeach Cuntasáochta an tuairisc agus an tuairisceán míosúil vóta araon.
- Déanann an tAonad Státchiste Tuairisc Airgeadais mhíosúil a ghiniúint ina n-áirítear meadarachtaí as roinnt foinsí ar a n-áirítear an tsamhail Réamhaisnéise Airgeadais, chun comharthaí luatha a thabhairt faoin staid deireadh bliana. Tá an tuairisc sin ina cuid den chlár do na cruinnithe míosúla leis an Roinn Sláinte agus an DPER. Déanann an tuarascáil imlíniú ar na treochtaí airgeadais ar roinnt bealaí agus tugann sí táscairí luath faoi rathúlacht nó eile na bpleananna srianta costas go dáta mar aon le féidearthachtaí don bhliain ar fad bunaithe ar na cásanna is fearr go dtí an cás is dóigh a tharlóidh.

- Is é an tAonad Faisnéise Gnó (BIU) an stóras lárnach d'fhaisnéis gníomhaíochtaí laistigh den FSS i dtaca le seirbhísí géarchúraim agus pobail. Déantar cuid mhór sonraí, bhailiú, a shaincagadh, a fhaomhadh agus a anailísiú san aonad. Úsáidtear na sonraí i meantóireacht agus i dtomhas feidhmíochta a bhfuil tionchar aige ar an FSS agus cintí oibríochtúla agus straitéiseacha a ndéanamh. Tá dhá aonad san BIU:
 - BIU géarchúraim chun sruthanna sonraí as 48 ospidéal géarchúraim a bhainistiú;
 - BIU Neamh-ghéarchúraim chun sruthanna sonraí as Ranna neamh-ghéarchúraim a bhainistiú: Sláinte agus Folláine, Cúram Príomhúil, Cúram Sóisialta, Meabhairshláinte agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.

Bíonn na tuairisceáin sonraí bunaithe go príomha ar an ngníomhaíocht agus ar na spriocanna a bhíonn i bPlean Seirbhíse Náisiúnta na bliana reatha. Saincagann anailísithe rannacha na sonraí agus deimhníonn siad iad ó thaobh cáilíochta de. De bhreis air sin, ullmaíonn na hanailísithe graif a léiríonn treochtaí san fheidhmíocht i ngach Roinn agus rianaítear an soláthar seirbhíse i gcomparáid leis an sprioc. I gcás go mbíonn neamhréireachtaí sna tuairisceáin sonraí, cuirtear ceistiúcháin chuig na Bainisteoirí Gnó chun cruinneas na faisnéise a fuarthas a dheimhniú. Leanann an fhoireann suas na ceistiúcháin agus deimhnítear an fhaisnéis leis na seirbhísí chun a chinntiú go mbíonn na sonraí a fhaightear cruinn.

Maoirseacht na Stiúrtóireachta

- Tá Roinn **Iniúchta Inmheánaigh** ag an FSS ina bhfuil pearsanra oilte go cuí ag feidhmiú de réir cairt scríofa / téarmaí tagartha atá faofa ag an Stiúrtóireacht. Bíonn obair Stiúrtóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh agus a fhoireann bunaithe ar anailís a dhéantar ar na rioscaí airgeadais ina mbíonn an FSS. Bíonn pleananna bliantúla an Iniúchta Inmheánaigh, faofa ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrioscaí a chlúdach mar aon leis na rialúcháin a ghabhann leo ar bhunús rollach Athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta ar obair na Ranna Iniúchta Inmheánaigh agus tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta don Stiúrtóireacht. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ngníomhaítear de réir mholtaí an Iniúchta Inmheánaigh. Tuairiscíonn Stiúrtóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh do As na FSS trí Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus tá dlúthchaidreamh oibre aige leis an AS agus is comhalta é d'fhoireann cheannasaíochta na FSS. Aon chásanna calaoise nó neamhréireanna eile a aithnítear trí athbhreithniú bainistíochta nó trí iniúchadh, díríonn an bhainistíocht orthu agus, más cuí, cuirtear an Garda Síochána ar an eolas. Tá obair leanúnach ar bun chun acmhainní na Roinne Iniúchta Inmheánaigh a mhéadú.
- Bhí **Coiste Iniúchóireachta**, ar a raibh cathaoirleach neamhspleách, triúr comhaltaí Boird agus comhalta amháin neamhspleách, i bhfeidhm gur scoradh an Bord in Iúil 2013. Ní comhalta de Bhord an FSS ab ea Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ach thug sé tuairisc don Bhord faoi na ceisteanna suntasacha ar fad a phléigh an Coiste. D'fheidhmigh an Coiste faoi Théarmaí Tagartha aontaithe agus tháinig sé le chéile ceithre huairé in 2013. D'fhreastail an Stiúrtóir Náisiúnta Airgeadais agus an Stiúrtóir Náisiúnta Iniúchta Inmheánaigh ar chruinnithe an Choiste, agus d'fhreastail an POF agus comhaltaí eile den fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin nuair ba ghá. D'fhreastail na hiniúchóirí seachtracha nuair ba ghá agus bhí fáil dhíreach acu ar Chathaoirleach an Choiste an t-am go léir. Ar aon dul leis an gcleachtas is fearr, chas an Coiste le Stiúrtóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh agus leis na hiniúchóirí seachtracha gan an bhainistíocht a bheith i láthair. In Eanáir 2014, ceapadh Coiste Iniúchóireachta nua ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách, Stiúrtóir amháin agus cúigear comhaltaí seachtracha faoi réir fhorálacha an Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013.
- Bhí **Coiste Riosca**, ar a raibh cathaoirleach neamhspleách, ceathrar comhaltaí Boird, comhalta amháin neamhspleách agus triúr comhaltaí de bhainistíocht shinsearach an FSS i bhfeidhm gur scoradh an Bord in Iúil 2013. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé in 2013. Ní comhalta de Bhord an FSS ab ea Cathaoirleach an Choiste Riosca ach thug sé tuairisc don Bhord faoi na ceisteanna suntasacha ar fad a phléigh an Coiste. Tar éis don Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013 a theacht i bhfeidhm, bunaíodh Coiste Riosca, ag tuairisciú don Stiúrtóireacht. Tá cathaoirleach neamhspleách

ar an gCoiste Riosca seo mar aon le Stiúrthóir agus ceathrar comhaltaí neamhspleácha. Tháinig an Coiste Riosca agus an Stiúrthóireacht le chéile uair amháin in 2013. D'fheidhmigh an dá Choiste Riosca faoi Théarmaí Tagartha a bhí aontaithe agus dhírigh siad go príomha ar chabhair a thabhairt don Bhord / Stiúrthóireacht i gcomhlíonadh a dualgas trí athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a cur ar fáil ar na rioscaí neamhairgeadais. Rinne na Coistí breithmheas freisin ar na tuarascálacha iniúchta inmheánaigh i dtaca le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánach neamhairgeadais agus thuarascálacha HIQA ar a n-áirítear feidhmiú mholtaí HIQA. Éascófar teagmháil trí chruinnithe tréimhsiúla comhpháirteacha den dá choiste agus teagmháil rialta idir cathaoirligh an dá choiste. Roinnfear miontuairiscí gach coiste go cómhalmartach.

- Faigheann **monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais** an t-eolas ó obair na ranna Iniúchta Inmheánaigh, ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, ón gCoiste Iniúchóireachta agus ó Bhainisteoirí an FSS a bhfuil freagracht orthu i dtaca le forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe bainistíochta. Déanann an Fhoireann Cheannasaíochta athbhreithniú ar thagairtí agus moltaí a rinne tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile, dála thuarascálacha Choiste na gCuntas Poiblí, agus gníomhaítear chun na moltaí a chur i bhfeidhm. Déanann an Coiste Iniúchóireachta meantóireacht agus athbhreithniú ar a bhfeidhmiú.

Sárúithe Suntasacha an Chórais Rialaithe in 2013

Rialachas ar Ghníomhaireachta a Fhaigheann Maoiniú Alt 38

In 2013, bhain beagnach €3.5 billiún de chaiteachas iomlán an FSS le deontais do ghníomhaireachtaí deonacha. Coinníoll a bhaineann leis na deontais sin go gcaithfidh na gníomhaireachtaí ar leith Socrú Seirbhíse nó Socrú Deontais a shíniú ina leagtar síos méid an deontais agus na seirbhísí a chuirfidh an ghníomhaireacht ar fáil. De bhreis air sin, caithfidh an ghníomhaireacht cloí le polasaí pá na hearnála poiblí. Tá próisis i bhfearas ag an FSS chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí ar a n-áirítear seiceálacha chun a chinntiú go bhfuil na gníomhaireachtaí ag cloí le téarmaí an tSocrúithe Seirbhíse agus athbhreithniú ar chuntais iniúchta ón ngníomhaireacht.

Léiríonn obair iniúchta a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Iniúchadh Inmheánach na FSS go bhfuil laig i gceist leis an monatóireacht fhoriomlán a dhéanann an FSS ar ghníomhaireachtaí A38 agus sa dóigh a chloíonn na gníomhaireachtaí le polasaí pá na hearnála poiblí. AG deireadh 2013, bhí cáipéisíocht rialachais shínithe i bhfearas i dtaca le 97% de luach na ndeontas a cuireadh ar fáil.

Maidir le cloí leis an bpolasaí pá:

- D'ullmhaigh an Roinn Sláinte polasaí pá do tseirbhís sláinte ina raibh fócas ar leith ar Ghníomhaireachtaí A38. Eisíodh é seo don FSS ar an 27 Meán Fómhair 2013. D'eisigh an Stiúrthóir Naisiúnta Acmhainní Daonna Ciorclán na Roinne Sláinte don earnáil sláinte trí Chiorclán HR FSS 016/2013 ar an 30 Meán Fómhair 2013. Mar chuid den phróiseas leanúnach chun comhlíontacht a bhaint amach, iarradh ar eagraíochtaí a bheadh ag iarraidh cás gnó a dhéanamh chun go leanfaí ar aghaidh le liúntas neamhúdraithe a gcásanna gnó a chur faoi bhráid an FSS lena meas. Theastaigh cásanna gnó freisin chun go leanfaí ag íoc na liúntas nach bhfuil áirithe ag nó faoi réir Scálaí Comhdhlúite Tuarastail na Roinne Sláinte ach go bhfeadfadh gur ceadaíodh iad san am atá thart. Fuarthas 202 cás gnó san iomlán.
- Fuarthas 143 cás gnó i dtaca le Bainisteoirí Sinsearach (i.e. iad sin ag leibhéal tuarastail Ghrád VIII agus os a chionn) lena meas ag an bPainéal Athbhreithnithe Inmheánach. De bhreis air sin, rinne na Stiúrthóirí Réigiúnacha Feidhmíochta agus Comhtháthaithe le tacaíocht ón HR Réigiúnach athbhreithniú ag leibhéal oibríochtúil ar 59 cás gnó i dtaca le scálaí tuarastail faoi bhun Ghrád VIII.

- Rinne Painéal Athbhreithnithe Inmheánach, ar a raibh comhaltaí ainmnithe d'Fhoireann Cheannasaíochta na FSS, athbhreithniú sonrach ar gach cás agus rinneadh achoimre ar a measúnacht i dtuarascáil. Ar an 8 Aibreán 2014, cuireadh cinneadh an Phainéil Athbhreithnithe Inmheánaigh in iúl do na gníomhaireachtaí a chuir isteach cásanna gnó agus freisin cuireadh cóip chucu de thuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe Inmheánaigh. Tugadh sonraí sa tuarascáil faoi na critéir a d'úsáid an Painéal chun tuilleánais gach cás gnó a mheas, tugadh cur síos ar na cinní a rinneadh, agus imlíníodh cúinsí dlíthiúla mar chúnamh nuair a bheadh socrúcháin á ndéanamh chun deireadh a chur le híocaíocht an luach saothair neamhcheadaithe. Freisin, cuireadh mionchuntas ar fáil do gach gníomhaireacht faoi na cásanna a fuarthas i dtaca lena n-eagraíocht agus faoin gcinneadh a rinneadh i ngach cás.
- Tá sé de dhualgas anois ar gach gníomhaireacht na moltaí a rinne an Painéal Athbhreithnithe Inmheánach a chur i bhfeidhm ar bhonn práinne. Tá tréimhse trí mhí go dtí an 1 Iúil 2014 leagtha síos chun deis a thabhairt do na gníomhaireachtaí an socrúchán cuí a dhéanamh chun deireadh a chur le gach luach saothair neamhúdaraíthe agus a chinntiú go bhfuil bearta laghdaithe riosca curtha i bhfearas chun déileáil le haon chúinsí a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Iarradh ar na gníomhaireachtaí an socrúchán atá beartaithe acu a leagan amach chun éifeacht a thabhairt do na cinní a bhí déanta ag an bPainéal Athbhreithnithe Inmheánach agus freagra a thabhairt ar an Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna roimh an 16 Bealtaine 2014.

Maidir le meantóireacht an FSS ar ghníomhaireachtaí chun a chinntiú go bhfuil na cistí á gcur i bhfeidhm do na críocha ar cuireadh ar fáil iad agus go bhfuil luach ar airgead a bhaint amach:

- I rith 2013, chuir an FSS bailchríoch ar thionscadal sonrach a bhí dírithe ar an gcreat bhainistíochta agus rialachais a neartú agus béim ar leith curtha ar na próisis chúí bhainistíochta a raibh gá leo chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an earnáil neamhrechtúil agus a socrúchán cuntasachta a bhaint amach. De thoradh an tionscadail, tá roinnt doiciméad treoiríthe forbartha chun cuidiú le sealbhóirí buiséad feabhas a chur ar bhainistiú a gcaidreamh le gníomhaireachtaí maoinithe.
- I gcásanna nach ndearna gníomhaireachtaí socrú seirbhíse (nó a mhacasamhail de cháipéis) in 2013, tá teagmháil déanta ag an FSS leis an ngníomhaireacht agus an ghníomhaíocht chúí déanta, deireadh curtha le conarthaí i roinnt cásanna. Chun a chinntiú go mbeidh fócas leanúnach ar chomhlíontacht i dtaca le socrúithe seirbhíse, tá an ráta comhlíontachta i dtaca leis an riachtanas go mbeadh socrú sínithe ag gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú deontais áirithe mar phríomhtháscaire feidhmíochta don tuairisciú Corparáideach agus Réigiúnach araon.

Géilliúlacht le Treoracha Soláthair

Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí a soláthar, caithfidh gach réimse laistigh den FSS cloí leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair atá leagtha síos go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais an FSS.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá sé de dhualgas orm sa Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais a dhearbhu gur cloíodh le gach nós imeachta ábhartha soláthair i rith na bliana airgeadais. De bhreis air sin, tá sé de dhualgas ar an FSS tuairisceán bliantúil a chur ar fáil (an tuairisceán 40/02) don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin 31 Márta i dtaca leis an mbliain airgeadais roimhe sin. Ní mór don tuairisceán sin sonraí a nochtadh faoi aon chonarthaí de bhreis air €25,000 (gan CBL a áireamh), a bronnadh gan próiseas iomaíoch a bheith i gceist leo.

Níl aon chóras láraithe uathoibríthe ag an FSS chun clár a choinneáil de chonarthaí a bronnadh gan próiseas iomaíoch soláthair. Ina áit sin, braitear ar na réimsí ar leith neamhchomhlíonadh den chineál sin a aithint agus a thuairisciú. Mar thoradh ar an bpróiseas féinmheasúnaithe láimhe sin, ní raibh an FSS in ann an tuairisceán 40/02 a chur ar fáil faoi dáta a bhí leagtha síos. Nochtadh i dtuairisceán a seoladh isteach i mí Iúil 2014 go bhfuarthas earraí agus/nó

seirbhísí dar luach €17.8 milliún (116 chás) gan aon phróiseas iomaíoch in 2013. San am atá caite níor tuairiscíodh gach cás de sholáthar neamhiomaíoch a bhí cuí le tuairisciú sa tuairisceán. Aithníodh san iniúchadh go raibh leibhéal suntasach ann maidir le tearc-tuairisciú faoi sholáthar neamh-iomaíoch in 2013.

In 2013 agus i mblianta roimhe sin, léirigh na hiniúchtaí leibhéal suntasach d'easpa comhlíontachta leis na rialacha soláthair. D'fhonn déileáil leis na laigí, i rith 2013 chuir an FSS freagracht ar Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta Soláthair ainmnithe maidir leis an bhfaisnéis is gá a thiomsú agus deimhníodh, i gcás na ráiteas dearbhaithe rialaithe a bhíonn sínithe ag bainisteoirí aonaracha, nach mór dearbhú gur chloígh na bainisteoirí leis na treoirlínte soláthair. I rith 2014, tá sé beartaithe ag an FSS méadú a chur ar an leibhéal caidrimh agus oiliúna don fhoireann i dtaca le riachtanais an Chiorcláin 40/02 agus ar na rialacha soláthair i gcoitinne, d'fhonn comhlíontacht a fheabhsú sa réimse sin in 2014.

Géilliúntas Cánach

Faoi láthair, tá an FSS ag cur bailchríoch ar an athbhreithniú cuimsitheach ar ghéilliúntas cánach a tosaíodh in 2013. Rinneadh an t-athbhreithniú mionsonraithe féinmheasta ar fud na gceannasaithe cánach ar fad a gcaithfidh an FSS cuntas a thabhairt dóibh agus díriodh ach go háirithe ar na réimsí riosca sin a léirigh an measúnú foirmiúil riosca cánach a rinneadh le cabhair ó speisialtóirí seachtracha cánach in 2012. Aon ghanníocaíocht chánach a thabharfar faoi deara san athbhreithniú féinmheasta, nochtfar go deonach é do na Coimisinéirí Ioncaim in 2014. Tá comhairle speisialaithe cánach faighte ag an FSS a léirigh i gcás aon dliteanas a d'fheadfadh tarlú nach mbeifí ag súil go mbeadh sé ábhartha i gcomhthéacs dhliteanas iomlán bliantúil cánach an FSS. Tá creat rialacháin cánach an FSS neamhaibí agus ní mór forbairt shuntasach bhreise a dhéanamh uirthi ó thaobh rialachais cánach, bainistithe rioscaí agus géilliúntais de. Tá roinnt tionscnamh idir lámha chun géilliúntas a fheabhsú amach anseo, ar nós bhunú feidhme speisialaithe cánach intí don FSS in 2013, agus an fhorbairt ar chlár struchtúrtha leanúnach oiliúna don fhoireann agus clár rollach féin-athbhreithnithe a chuirfear i bhfeidhm go céimneach in 2014. Tá an FSS tiomanta i gcónaí do ghéilliúntas den scoth do na dlíthe cánacha.

Ioncam a bhailiú ó Stáit eile

Bíonn ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil faoi Rialacháin an AE fabhráithe don Stát sna cásanna seo

- Nuair a bhaineann daoine ó thíortha eile san AE úsáid as seirbhísí sláinte in Éirinn leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte (EHIC) in ospidéal géarmhíochaine, in Oifig Sláinte Áitiúil, i gcógaslann nó ó DG.
- I gcásanna ina dtagann daoine ó stáit eile le cur fúthu in Éirinn agus go dtugann an FSS cártaí leighis dóibh fad a bhíonn a nasc leasa shóisialaigh coinnithe acu le Stát eile.

Tá sé faighte amach i roinnt cásanna nár bailíodh na sonraí ar fad a bhí riachtanach chun aisíocaíochtaí a éileamh ó Bhallstáit eile den AE do na seirbhísí sin.

Tá tús curtha le tionscadal chun feabhas a cur ar bhailiú agus ar cháilíocht sonraí chun an úsáid is fearr a bhaint as an ioncam ionchasach seo. D'ainneoin na laicisí a bhaineann leis an gcóras láimhe, táthar ag súil go n-eiseoidh an FSS a céad éilimh ar aisíocaíochtaí sa dara ráithe de 2014. Ní féidir a bheith sonrach faoi luach na n-éileamh sin go mbeidh bailchríoch curtha orthu.

Srian ar incháilitheacht do chártaí leighis

Ciallaíonn an scála costas laistigh de Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cártaí Leighis agus an líon idirbheart atá luaite leo go bhfuil réimsí ionchasacha riosca i gceist nach mór a bhainistiú.

I gcoitinne, braitheann incháilitheacht chun cárta leighis a fháil ar an measúnú a dhéantar ar acmhainní an iarratasóra. Déantar an measúnú sin nuair a dhéantar an chéad iarratas ar chárta leighis agus déantar in athuair é go tréimhsiúil chun incháilitheacht leanúnach a chinntiú.

Deontar formhór na gcártaí leighis ar feadh trí bliana tar éis an mheasúnaithe ar incháilitheacht. Ach sin ráite, d'fheadh deireadh a theacht leis an incháilitheacht má thagann athrú ar chúinsí agus dá réir d'fheadfadh athbhreithniú a bheith i gceist i rith na tréimhse incháilitheachta chun incháilitheacht leanúnach a chinntiú.

Ritheadh reachtaíocht nua in 2013 ionas go bhfeadfaí eolas a roinnt leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. A luaithe agus a bhí fáil a r eolas ó na Coimisinéirí Ioncaim, rinneadh é a ionchorpráidiú isteach sa phróiseas anailíse riosca agus chuidigh sin chun an cur chuige don athbhreithniú a roghnú. Táthar ag leanacht den fhorbairt ar réimse agus cáilíocht na comhroinnte eolais sin don rialú ar incháilitheacht do chártaí leighis.

Athbhreithniú ar Fhógraí Athnuachana

Ar an 1 Eanáir 2013, bhí beagnach 1,854,000 cárta leighis iomlán éisithe agus díreach os cionn 131,000 cárta cuarta dochtúra. I rith 2013, bhí 1,279,000 le n-imeacht as dáta ina dtráinsí míosúla. Bhí anailís riosca le déanamh ar an ngrúpa iomlán i ngach tráinse míosúil a bhí ag druidim le ham éaga chun a dhéanamh amach cén cur chuige athbhreithnithe a d'úsáidí i ngach cás. Eisíodh fógraí athnuachana i dtaca le 601,000 duine geall leis. Níor eisíodh fógraí athnuachana don 678,000 duine a bhí fágtha mar gur breithníodh ar bhonn an mheasúnaithe riosca (inar áiríodh sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim) nach raibh ann ach riosca beag nó nach raibh aon riosca ann go mbeadh na daoine sin neamh-incháilithe ar feadh bliana eile. Is féidir athnuachan a dhéanamh ar chárta leighis tar éis athbhreithniú iomlán ar incháilitheacht ag an FSS nó trí fhéimheasúnú shealbhóir an chárta, ag brath ar an riosca coibhneasta a aithníodh le linn an phróisis measúnaithe riosca. As na 601,000 athnuachan a eisíodh in 2013, bhí athbhreithniú iomlán i gceist le 284,000 agus d'iarr 317,000 ar an sealbhóir cárta féimheasúnú a dhéanamh.

Faoin 7 Aibreán 2014, bhí deireadh curtha leis an measúnú ar incháilitheacht i dtaca le 75% de na sealbhóirí cártaí a roghnaíodh don athbhreithniú.

- Deimhníodh incháilitheacht i ndáil le 429,000 cárta (71%).
- Ní dearnadh athnuachan ar 22,500 cárta (3.75%) toisc nár comhlíonadh na critéir incháilitheachta, m.sh., uasteorainneacha ioncaim.
- In 8,000 cás (1.3%) bhí an sealbhóir cárta básaithe.
- Níor dearnadh athnuachan ar 18% de na cártaí geall leis mar nár fhreagair an sealbhóir an próiseas athnuachana.
- Bhí an measúnú incháilitheachta ag dul ar aghaidh i dtaca le 34,000 cárta (5.7%).

Athbhreithnithe sprioctha

Déantar athbhreithniú a chatagóiriú mar "sprioctha" nuair a thosaítear é i rith na tréimhse incháilitheachta seachas nuair a bhí an carta le hathnuachan. I rith 2013, d'eisigh an FSS 44,000 athbhreithniú sprioctha. Faoin 7 Aibreán 2014, bhí deireadh curtha leis an measúnú ar incháilitheacht i dtaca le 9,200 de na sealbhóirí cártaí.

- Deimhníodh incháilitheacht i ndáil le 6,900 cárta (75% de na measúnaithe a bhí críochnaithe).
- Cuireadh deireadh leis an incháilitheacht in 2,300 cás (25% de na measúnaithe a bhí críochnaithe) toisc nár comhlíonadh na critéir incháilitheachta.

In 39% eile de na hathbhreithnithe cártaí, níor dearnadh athnuachan ar na cártaí mar nár fhreagair an sealbhóir an próiseas athnuachana. Bhí an measúnú incháilitheachta ag dul ar aghaidh i dtaca le 17,400 cárta agus in 192 cás bhí an sealbhóir carta básaithe.

Dearbhú Cónaithe

De bhreis ar an athbhreithniú incháilitheachta atá imlínithe thuas, bhain an FSS úsáid freisin as measúnú riosca chun a shocrú cén uair ba chóir dearbhú cónaithe sa Stát a lorg i dtaca le cártaí neamhghníomhacha.

Le linn 2013, chuathas i dteagmháil le 102,000 duine a raibh a gcártaí leighis neamhghníomhach ar feadh tréimhsí níos mó ná 12 mhí agus iarraidh deimhniú uathu go raibh siad ina gcónaí sa stát. Faoin 28 Feabhra 2014, bhí dearbhú cónaithe tugtha ag 76,000 duine aonair (75%). Baineadh incháilitheacht i ndáil le 25,403 cárta (25%).

An ráta iomlán neamh-incháilitheachta

Seans go mbeidh na rátaí neamh-in-athnuaite agus neamh-incháilitheachta a gheofar de thoradh na n-athbhreithnithe riosca-bhunaithe agus sprioctha níos airde ná na cinn a bhaineann leis an bpobal sealbhóirí cártaí leighis i gcoitinne. Níl aon mheastachán iontaofa ag an FSS faoi láthair den leibhéal incháilitheachta ar fud an phobail sealbhóirí cártaí. Táthar ag scrúdú roghanna chun modheolaíocht a fhorbairt le meastacháin iontaofa a fhorbairt.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh an FSS dírithe ar dheis a thabhairt don AS mar Oifigeach Cuntasaíochta agus do Stiúrtóireacht an FSS cloí lena ndualgas iad féin a shásamh agus a dheimhniú don Aire Sláinte agus don Oireachtas go bhfuil rialú cuí éifeachtach laistigh den FSS. I rith 2013 rinne an Stiúrtóireacht Airgeadais **Athbhreithniú foirmiúil ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais** san FSS a d'áirigh ionchur ón Stiúrtóireacht Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar, agus is iad a thorthaí sin a bhí mar bhonn leis an Ráiteas seo faoin Rialú Inmheánach Airgeadais. Bainisteoirí airgeadais agus cáilíochta agus riosca a bhfuil saeolas acu i réimsí airgeadais, iniúchta, rialú, cáilíochta agus riosca a rinne an t-athbhreithniú. Baineann athbhreithnithe bliantúla ar an gcóras inmheánach rialaithe úsáid as modheolaíocht **próiseas dearbhaithe rialaithe** atá seanbhunaithe agus tuilleadh forbartha déanta air don athbhreithniú seo i rith 2013.

San áireamh i modheolaíocht athbhreithniú 2013 bhí tagairt do na nithe seo a leanas:

- stádas mholtaí Thuarascálacha 2007 - 2012 ar an Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh;
- ráitis dhearbhaithe rialuithe curtha i gcrích ag gach bainisteoir sinsearach, riaracháin agus cliniciúil, ó leibhéal Stiúrtóir Náisiúnta go leibhéal Ghrád VIII (nó a chomhionann) tá sé seo ábhartha i gcomhthéacs rioscaí ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar FSS, modhanna bainistíochta na rioscaí seo, na rialuithe agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh orthu;
- torthaí agus cinní agallamh déthaobhach struchtúrtha le sampla ionadaíoch de thart ar 100 bainisteoir agus ceann seirbhíse agus a bhfreagairtí ar cheistneoir ar rialuithe inmheánacha (ICQ) comhlánaithe le linn gach agallaimh;
- tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh, clár iniúchta 2013;
- miontuairiscí /tuarascálacha an Choiste Iniúcháireachta agus an Choiste Riosca;
- tuarascálacha agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- clár iniúchta 2013 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus go háirithe na rioscaí iniúchta atá aitheanta iontu;
- measúnú ar an dul chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm na moltaí atá luaite i dtuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh roimhe seo agus i dtuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- nuacht inmheánach/preaseisiúintí;
- miontuairiscí Bhord na FSS/na Stiúrtóireachta;
- miontuairiscí Ghrúpa Stiúrtha/Ghrúpa Oibre/Ghrúpaí Forfheidhmithe, srl.;
- athbhreithnithe/tuarascálacha seachtracha;

- tuarascálacha Choiste na gCuntas Poiblí;
- tuarascálacha an Údaráis um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte;
- tuarascálacha an Choimisiúin Mheabhairshláinte;
- tuarascálacha Iniúchta ar Chálíocht agus Sábhálteacht Othar; agus
- polasaí Rialtais, ar nós Future Health – A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012-2015 agus Clár an Rialtais.

Tá scóip a athbhreithnithe leathnaithe i gcomparáid le blianta eile ionas go gcaithfidh an bhainistíocht chliniciúil bailchríoch a chur ar na Ráitis Dhearbhaithe Rialaithe, agus i gcás na Stiúrthóirí Cliniciúla go gcaithfear athbhreithniú féinmheasúnaithe a dhéanamh sna seisiúin agallamh déthaobhach. Feabhsaíodh an t-ábhar atá sa Ráiteas Dearbhaithe Rialaithe féin chun áireamh a dhéanamh ar dhearbhuithé i dtaca le géilliúntas do Chiorclán 40/02 (soláthar) agus do pholasaithe cosanta sonraí an FSS. De bhreis air sin, iarradh ar bhainisteoirí a dhearbhu nach bhfuil aon litreacha sólais eisithe acu sa tréimhse atá faoi athbhreithniú.

Riachtanas nua d'athbhreithniú 2013 ab ea go síneodh bainistíocht líne an Ráiteas Dearbhaithe Rialaithe i gcomhar le gach ball foirne chun a dheimhniú go raibh plé déanta acu faoi chreat rialaithe inmheánaigh an FSS, go raibh scrúdú déanta acu ar an bhfianaise faoi neamhchomhlíonadh a cuireadh ar fáil sa ráiteas agus sa chlár riosca, agus nuair ba chúí, gur aontaíodh pleananna gníomhaíochta chun déileáil le laigí sin nó an riosca a ardú go dtí leibhéal níos airde san eagraíocht.

Cuireadh méadú le blianta anuas ar eilimint eile den phróiseas dearbhaithe rialaithe, an ceistneoir ar rialú inmheánach (ICQ), chun na Stiúrthóirí Cliniciúla a chur san áireamh. Chríochnaigh sampla de bhainisteoirí sinsearach an ICQ le linn agallamh fhoirmiúil dhéthaobhach. Is ionann sin agus comhtháthú suntasach bainistíocht riosca chliniciúil agus airgeadais d'fhonn próiseas cuimsitheach dearbhaithe a bhunú do Bhord an FSS. In 2013 níl comhlíonadh iomlán bainte amach ag an bhfoireann leis an bpróiseas dearbhaithe rialaithe leathnaithe. Tá na rátaí comhlíontachta, laistigh de na ranna a bhfuil an próiseas déanta acu, sa réimse ó 70% go dtí 100%, agus meánráta comhlíontachta de 92% atá i gceist. Cé go bhfuil feabhas beag tagtha ar an rata iomlán comhlíontachta leis an bpróiseas i gcomparáid le blianta roimhe seo, tá roinnt réimsí seirbhíse ann fós a bhfuil an ráta comhlíontachta íseal iontu. Aithnítear sna Cláir Naisiúnta Stiúrthóirí aonair na bail foirne a bhfuil agus nach bhfuil Ráiteas Dearbhaithe Rialaithe sínithe acu agus tá an leibhéal neamhchomhlíonta fós do-ghlactha in ainneoin feabhas a bheith tagtha air. Tá easpa Ráitis Dhearbhaithe Rialaithe i dtaca le hoibriúchán na rialúchán ina leithéid de líon mór cásanna ina ábhar imní go bhfeadfadh sé nach bhfuil rioscaí corparáideacha aitheanta agus réitithe mar is cúí.

Rinneadh agallamh ICQ le sampla ionadaíoch de bhreis agus 100 bainisteoir sinsearach ar fud na seirbhísí, Stiúrthóirí Cliniciúil amháin san áireamh. Bhí sé riachtanach líon níos airde de Stiúrthóirí Cliniciúla a fháil don phróiseas ICQ seo agus tá céimeanna a dtógáil ag an mbainistíocht chun leibhéal níos airde comhpháirtíochta a bhaint amach sa réimse sin. B'éigean bailchríoch a chur ar Phróiseas Dearbhaithe Rialaithe 2013 faoi dheireadh Mhárta 2014, ach sin ráite tugadh treoir do Stiúrthóir Réigiúnach Feidhmíochta agus Comhtháthaithe próiseas 2013 a chríochnú an oiread agus ab fhéidir trí theagmháil leanúnach a dhéanamh le bainisteoirí aonaracha nach bhfuil a gcuid ráiteas sínithe acu, chun a chinntiú go ndeanfaidh siad sin.

Conclúid

Scaipeadh Tuarascáil an Athbhreithnithe ar an gCóras Rialaithe Inmheánach san FSS ar an Stiúrthóireacht i mBealtaine 2014. Chuir an measúnú a rinne siad ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh san áireamh an fhorbairt leanúnach ar na córais rialaithe atá ar siúl ag an FSS mar eagraíocht a bhfuil athrú suntasach a dhéanamh uirthi, sin an cónascadh atáthar a dhéanamh ar na comhlachtaí leighis agus a gcórais oidhreachta. Tá an rollú amach agus an síneadh ar scóip agus ar fhairsinge an phróisis bhliantúil um dhearbhu rialuithe ag cur leis an tuiscint agus leis an eolas atá ar an gcóras rialaithe ar fud na heagraíochta. Leis an

mhonatóireacht ar dhul chun cinn mar aon le feidhmiú mholtaí na tuarascála tá feabhas curtha ar fhócas na mbainisteoirí ar an gcomhlíontacht.

Tugadh roinnt sárúithe faoi deara i dtimpeallacht rialaithe a n FSS a bhfuil tagairt déanta dóibh sa ráiteas seo. Léargas iad na sárúithe seo ar an ngá atá le béim leantach agus forbairt na timpeallachta rialaithe agus béim ar an ngá atá le cultúr comhlíonta a spreagadh ar fud na heagraíochta. I mbeagán focal, d'ainneoin sárúithe rialaithe a aithníodh agus a bhfuil an bhainistíocht ag déileáil leo mar atá thuasluaite, tá feabhas á chur ar an timpeallacht rialaithe, na próisis rialaithe agus bainistíochta riosca agus socruithe dearbhaithe, ach níl siad go hiomlán éifeachtúil fós. Tá roinnt réimsí a bhfuil gníomhaíocht shonrach molta ina leith d'fhonn cur le héifeachtacht agus feabhsuithe atá i bhfeidhm ó thráth scríofa na tuarascála deiridh a chomhdhlúthú. Ullmhaíonn an bhainistíocht pleananna struchtúrtha d'fheidhmiú na moltaí atá san Athbhreithniú ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí seo i measc na foirne bainistíochta i rith na bliana agus déanfar iad a mheas an athuair mar chuid d'athbhreithniú 2014 ar an gcóras um rialuithe inmheánacha.

Tony O'Brien

Oifigeach Cuntasaíochta

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

10 Meán Fómhair 2014

An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála le haghaidh Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 faoi Alt 3d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm atá forordaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na bpolasaithe agus na bprionsabal caighdeánacha cuntasáíochta maidir le cuntais leithghabhála.

Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta

De réir Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act, 1866*, ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoin 31 Márta tar éis dheireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as na cistí poiblí agus réadmhaoin phoiblí atá faoina smacht a chosaint, as éifeachtúlacht agus as barainneacht an riaracháin ina Roinn, agus as rialtacht agus oiriúnacht gach idirbhirt sa chuntas leithghabhála.

Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais leithghabhála le haghaidh gach Vóta agus cibé tástáil a mheasaim is cuí a dhéanamh chun críche an iniúchta.

Nuair a bheidh an t-iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála curtha i gcrích, ceanglaítear orm deimhniú a chur ar fáil ina ndearbhaítear cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil, dar liom, na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta curtha i láthair i gceart sa chuntas. Ceanglaítear orm freisin tagairt d'aon chás ábhartha lena mbaineann na nithe seo a leanas:

- theip ar roinn nó ar oifig caiteachas arna thairfeadh sa chuntas a úsáid chun na críche sin a bhí beartaithe nuair a chuir an tOireachtas na leithreasaí ar fáil, nó
- níl idirbhearta arna dtairfeadh sa chuntas i gcomhréir leis an údarás faoina bhfuil siad in ainm is a bheith déanta.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear orm tuarascáil a ullmhú gach bliain maidir le hábhair ag eascairt as na hiniúchtaí ar na cuntais leithghabhála.

Scóip an iniúchta

Cuimsítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise ar ábhartha í do mhéideanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas mar aon le measúnú ar cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasáíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Is éard atá i gceist leis an iniúchadh ná fianaise leordhóthanach a fháil chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de thoradh calaoise nó neamhrialtachta nó earráide eile é. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Le teacht ar an tuairim iniúcháir, déantar meastóireacht ar leordhóthanacht fhoriomlán na caoi a gcuirtear an fhaisnéis ar fáil sa chuntas leithghabhála.

Tuairim maidir leis an gcuntas leithghabhála

Measaim go gcuirtear na fáltais agus an caiteachas maidir le Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollag 2013 i láthair i gceart sa chuntas leithghabhála.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheas mé a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta. Measaim gur choinnigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leabhair chuntas chuí. Tá an cuntas leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntas.

Tuairisciú ar ábhair ag eascairt as an iniúchadh

Nochtaigh an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh áisc ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i gceist i dtaca le conarthaí a bhí á n-oibriú in 2013. Déileálann caibidil 14 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2013 chomh maith le soláthar i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse.

Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh

Anuas air sin, nochtaigh an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais sárúithe suntasacha eile ar an gcóras rialaithe in 2013 a bhain le rialachas gníomhaireachtaí cistithe faoi Alt 38, comhlíonadh cánachas, aisghabháil ioncaim ó stáit eile agus rialú ar theidlíocht don chárta leighis.

Seamus MacCárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2014

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha d'ullmhú cuntas leithghabhála mar atá cinnte ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais seachas iad seo a leanas;

Ullmhú an Chuntais Leithghabhála as na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS)

Éilíonn Alt 36 (2) den Acht Sláinte, 2004 ar an FSS ráitis airgeadais bhliantúla (AFS) a ullmhú ina leithéid d'fhoirm a d'fhéadfadh an tAire Sláinte a ordú agus éilíonn Alt 36 (3) go n-ullmhófaí na cuntais sin faoi réir na gcaighdeán chuntasaíochta arna sainiú ag an Aire. Ullmhaítear an AFS ar bhunús ioncaim agus caiteachais. Tugtar aitheantas do gach ioncam don tréimhse, cibé ar frítheadh é nó nár frítheadh agus muirearaíodh gach caiteachas a bhain leis an tréimhse, cinn iarbhair agus fabhráithe araon. Taispeánann iarmhéid an chuntais barrachas an ioncaim ar chaiteachas nó a mhalairt.

Ullmhaítear an Cuntas Leithghabhála ar bhunús fáltas agus íocaíochtaí agus aithnítear airgead tirim a fuarthas agus a íocadh i rith tréimhse an chuntais. Cuntas neamhcharnach atá ann agus aon mhéid a bhíonn gannchaite géilltear don Státchiste é.

Áirithe sa mhúirear ar Vóta an FSS tá caiteachas a taifeadadh ar bhunús ceantar agus caiteachas a bhaineann le cláir a riartar go náisiúnta. Cuirtear an caiteachas ceantarbhunaithe ar fáil do cheantair a bhí ann roimh an FSS agus díoraithe ó chórais oidhreachta a feidhmíodh sna ceantair sin. Tá córais airgeadais na Feidhmeannachta deartha chun cuntais bunaithe ar fhabhrú a chur ar fáil agus braitheann na figiúirí don Vóta atá bunaithe ar airgead tirim ar imréitigh shuntasacha leis na figiúirí fabhráithe. Tá siad sin díorthaithe as an AFS trí earraí neamhairgid a thógáil amach agus na cuntais sócmhainní agus dliteanais go léir a anailísiú chun iarmhéideanna na gcuntas fionraí ar fad a fháil. Is é croílár an phróisis go n-ullmhaítear an dá sheit cuntas faoi dheireadh as na bunbhearta céanna. Tá achoimre leithghabhála deireadh bliana an vóta don FSS áirithe i Nóta 1.2 leis an gCuntas Leithghabhála.

Faoi dheoidh, cé go gcuireann an próiseas seo toradh foriomlán ar fáil a bhíonn cothrom le caiteachas Vóta an FSS sa bhliain, bíonn cionroinnt i gceist sa muirear a ghearrtar ar roinnt fotheideal.

Caiteachas ar Chúram Cónaithe Fadtéarmach

Cuireann Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (NHSS) tacaíocht airgeadais do daoine incháilithe i dtaca le costas a gcúram cónaithe fadtéarmaigh agus tá socrúchán comhíocaíochta i gceist ann idir an duine agus an Stát. Baineann an scéim le daoine atá ag fáil cúram cónaitheach fadtéarmach agus tagann sé in ionad na scéime fóirdheontais a bhí i bhfeidhm ó 1993. Tá fotheideal C.2 deartha chun cuntas a dhéanamh ar gach caiteachas ar chúram cónaithe fadtéarmach ina bhfuil, na ceithre eilimint seo a leanas:

- fóirdheontais a íoctar i dtaca le cónaitheoirí i dtithe altranais príobháideacha, a bhí ina gcónaí iontu roimh bhunú an NHSS agus a roghnaigh gan aistriú go dtí an scéim NHSS
- íocaíochtaí ar leapacha ar conradh a íoctar i dtaca le cónaitheoirí i dtithe altranais príobháideacha, a bhí ina gcónaí iontu roimh bhunú an NHSS agus a roghnaigh gan aistriú go dtí an scéim NHSS
- íocaíochtaí le tithe altranais príobháideacha i dtaca le cónaitheoirí atá san NHSS
- sciar de chaiteachas comhlán na n-aonad cúraim chónaithe poiblí.

Muirearaítear na chéad trí eilimint go díreach ar an bhfotheideal Tá an ceathrú heilimint bunaithe ar shamhail leithdháilte costas a d'fhorbair an FSS, agus go hachomair cionroinneann sé costais a aonaid fadtéarmacha ar bhunús na leapacha a leithdháiltear don NHSS.

Caiteachas ar Sheirbhís Leanaí agus Teaghlaigh

Tá fotheideal C.3 áirithe i Meastachán 2013 an FSS. (Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh). Díorthaíodh an toradh Vóta do Fhotheideal C.3. as na córais ioncaim agus chaiteachais a oibríonn an FSS trí chostionaid agus costais dhlíthiúla atá ábhartha leis an tSeirbhís Leanaí agus Teaghlaigh a aithint.

Cionranna Eile

De bhreis ar Fhotheideal C.2 agus C.3, déantar caiteachas áirithe a riartar go lárnach faoi láthair (m.s. costais reachtúla pinsin lúide cnapshuimeanna agus conarthaí náisiúnta) a leithdháileadh ar fhotheidil cheantar bhunaithe ar bhunús measta faoi réir an bhealaigh ar dearnadh ríomhadh ar an Imleabhar Meastachán Athbheithnithe.

Ráiteas faoi na Sócmhainní Caipitil

Cuimsíonn sócmhainní seasta inlámhsithe talamh, foirgnimh, obair idir lámha, trealamh agus mótarfheithiclí. Sonraítear breiseanna sócmhainní seasta inlámhsithe ó 1 Eanáir 2005 i leith ag costas stairiúil lúide dímheas carntha. Tá na luachanna anonn a bhí ar shócmhainn seasta inlámhsithe a ghlac an FSS ó chomhlachtaí réamhtheachtacha áirithe sa chlár comhardaithe tosaigh ar lá a bunaithe, 1 Eanáir 2005, ar a gcostas / luach bunaidh. I gcásanna inar dearnadh athluacháil ar thailte sular aistríodh go dtí an FSS iad, baineadh úsáid as rátaí luachála na Roinne Sláinte. Áiríodh iarmhéid an chuntais dímheasa comhláin ghaolmhar freisin sa chlár comhardaithe tosaigh. Tá polasaí ag an FSS gan athluacháil a dhéanamh ar shócmhainní seasta.

Déantar dímheas a ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar chostas/luacháil bunaidh gach sócmhainn seasta inlámhsithe thar a shaolré úsáide ar bhunús an mhéid chothroim ag na rátaí seo a leanas:

- talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas
- foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain
- foirgnimh mhodúlacha (.i. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain
- obair idir lámha: níl aon dímheas i gceist
- trealamh - ríomhairí agus córais ICT: dímheasta ag 33.33% sa bhliain
- trealamh - eile: dímheasta ag 10% sa bhliain
- mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Ráiteas faoi na Sócmhainní Caipitil atáthar a Fhorbairt

Níl aon ráiteas leithleach déanta mar go bhfuil sócmhainní caipitil atáthar a fhorbairt áirithe mar obair idir lámha sa Ráiteas faoi na Sócmhainní Caipitil.

Stoic

Déantar stoic a sonrú ag an ceann is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe. Is ionann glanluach inréadaithe agus fáltais mheasta díolachán lúide costais a thabhfófar i ndíol stoic.

Dlíteanais Aibithe

Dlíteanais aibithe is ea sonraí aonaracha de bhreis ar €20,000 a íocadh in Eanáir 2014 agus a bhí dlite le n-íoc roimh an 31 Nollaig 2013.

Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Cuntas Leithghabhála 2013

| Seirbhís | 2013 | | 2012 | |
|---|--|-----------|-----------|-----------|
| | Foráil mheasta | | Toradh | |
| | €000 | €000 | €000 | |
| Riarachán | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais agus costais riaracháin eile Corparáid an FSS | 61,831 | 62,517 | 64,819 |
| A.2 | Luach ar airgead agus athbhreithnithe ar pholasaí | 389 | 389 | 389 |
| A.3 | Ócaíocht cnapshuim pinsin | | | |
| | <i>Bunaidh</i> | 154,000 | | |
| | <i>Forlíontach</i> | (82,000) | 72,000 | 61,185 |
| | | | | 175,494 |
| Réigiúin an FSS agus Gníomhaireachtaí Sláinte Eile | | | | |
| B.1 | FSS – Réigiún Bhaile Átha Cliath Lár Laighean | | | |
| | <i>Bunaidh</i> | 1,359,558 | | |
| | <i>Forlíontach</i> | 11,000 | 1,370,558 | 1,372,529 |
| | | | | 1,372,716 |
| B.2 | FSS – Réigiún Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh | | | |
| | <i>Bunaidh</i> | 1,239,277 | | |
| | <i>Forlíontach</i> | 11,000 | 1,250,277 | 1,252,550 |
| | | | | 1,251,037 |
| B.3 | FSS – Réigiún an Deiscirt | | | |
| | <i>Bunaidh</i> | 1,930,883 | | |
| | <i>Forlíontach</i> | 11,000 | 1,941,883 | 1,944,463 |
| | | | | 1,946,459 |
| B.4 | FSS – Réigiún an Iarthair | | | |
| | <i>Bunaidh</i> | 2,146,958 | | |
| | <i>Forlíontach</i> | 11,000 | 2,157,958 | 2,160,646 |
| | | | | 2,164,462 |
| B.5 | Deontais do chomhlachtaí sláinte áirithe eile agus ospidéal chomhbhoird | | | |
| | <i>Bunaidh</i> | 2,170,306 | | |
| | <i>Forlíontach</i> | 67,000 | 2,237,306 | 2,256,030 |
| | | | | 2,158,954 |

| Seirbhís | Foráil mheasta | | 2013 | 2012 |
|-----------------------|--|-----------|----------------|----------------|
| | €000 | €000 | Toradh €000 | Toradh €000 |
| Seirbhísí Eile | | | | |
| B.6 | Gníomhaireachtaí Sláinte agus eagraíochtaí cosúla eile (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,513 | 3,599 | 4,105 |
| B.7 | Seirbhísí ospidéal d'othair chónaitheacha agus seachtracha a tholg Heipitéas C as úsáid glóbailin imdhíonachta frith-D agus soláthar seirbhísí faoi Acht Sláinte Leasú 1996. | 14,458 | 14,921 | 14,214 |
| B.8 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 13 den Acht Sláinte (Scéim Aisíoca 2006) | 8,000 | — | 1,700 |
| B.9 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú), 2006 – Scéim Árachais | 1,500 | 900 | 700 |
| B.10 | Forbairtí seirbhísí agus tionscadail chun seirbhísí nuálacha a chur ar fáil | 66,600 | 27,702 | 41,500 |
| B.11 | Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | | |
| | <i>Bunaidh</i> | 96,000 | | |
| | <i>Forlíontach</i> | 37,000 | 133,000 | 123,741 |
| | | | | 75,668 |
| Clár Cúram | | | | |
| C.1 | Seirbhísí aisíoca cúram príomhúil agus scéimeanna pobail éileamhbhunaithe | | | |
| | <i>Bunaidh</i> | 2,520,756 | | |
| | <i>Forlíontach</i> | 104,000 | 2,624,756 | 2,637,071 |
| C.2 | Cúram cónaithe fadtéarmach | 974,273 | 966,324 | 962,608 |
| C.3 | Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh | 541,321 | 566,794 | 569,834 |

| Seirbhís | | | 2013 | | 2012 |
|-----------------------------|--|---|-------------------|-------------------|-------------------|
| | | | Foráil mheasta | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Seirbhísí Caipitiúla | | | | | |
| D.1 | Tógáil, trealmhú agus fearastú saoráidí sláinte agus saoráidí ardoideachais i dtaca leis an gclár réamhchlárúithe céime d'altraí, ar a n-áirítear íocaíochtaí i dtaca le sealúchas ar léas, costais léasanna, srl. | <i>Bunaidh</i> 329,461 <i>Forlíontach</i> (50,000) | 279,461 | 289,302 | 308,117 |
| D.2 | Tógáil, trealmhú agus fearastú saoráidí sláinte (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 2,539 | 2,539 | 2,539 |
| D.3 | Córais faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 140,000 | 126,041 | 107,516 |
| D.4 | Tógáil agus trealmhú saoráidí meabhairshláinte agus saoráidí sláinte eile (maoinithe as diúscairt sócmhainní farasbairr) | | 8,000 | 3,587 | 8,000 |
| Ollchaiteachas | | | | | |
| | | <i>Bunaidh</i> 13,773,623 <i>Forlíontach</i> 120,000 | | | |
| | | | 13,893,623 | 13,872,830 | 13,987,444 |
| <i>Asbhain</i> | | | | | |
| E | Leithghabhálacha i gCabhair | <i>Bunaidh</i> 1,461,152 <i>Forlíontach</i> (99,000) | | | |
| | | | 1,362,152 | 1,372,433 | 1,489,345 |
| Glanchaiteachas | | | | | |
| | | <i>Bunaidh</i> 12,312,471 <i>Forlíontach</i> 219,000 | | | |
| | | | 12,531,471 | 12,500,397 | 12,498,099 |

Barrachas le géilleadh

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh os cionn an ghlaniomláin a cuireadh i bhfeidhm le géilleadh don Stáitchiste.

| | 2013 | 2012 |
|------------------------|------------|------------|
| | € | € |
| Farasbarr le géilleadh | 31,074,196 | 22,833,999 |

Nótaí leis an Ráiteas Leithghabhála

1 Ráiteas Faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | 2013 | 2012 |
|---|-------------------|-------------------|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán corparáideach FSS | 62,906 | 65,208 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | 13,809,924 | 13,922,236 |
| Ollchaiteachas | 13,872,830 | 13,987,444 |
| <i>Asbhain</i> | | |
| Leithghabhálacha i gcabhair | 1,372,433 | 1,489,345 |
| Glanchaiteachas | 12,500,397 | 12,498,099 |
